Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Samhain 2022**
**(OR. en)**

**14495/22**

**SOC 614**
**EMPL 420**
**ANTIDISCRIM 112**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le daoine faoi mhíchumas a chuimsiú sa mhargadh saothair<br>- *Formheas* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le daoine faoi mhíchumas a chuimsiú sa mhargadh saothair, a d'ullmhaigh an Uachtaránacht. Pléadh na dréachtchonclúidí le linn dhá chruinniú den Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta agus rinne na toscaireachtaí comhairliúchán neamhfhoirmiúil i scríbhinn ina leith(14058/22). Is léiriú é an téacs a chuirtear i láthair san Iarscríbhinn ar an téacs a chomhaontaigh na toscaireachtaí tríd an gcomhairliúchán scríofa neamhfhoirmiúil sin, seachas na huimhreacha atá ar na míreanna, a socraíodh in ord seicheamhach.

Iarrtar ar an gCoiste an comhaontú ar thángthas air ar leibhéal na Meithle a dheimhniú agus na dréachtchonclúidí atá i gceangal leis seo a chur ar aghaidh chuig cruinniú na Comhairle (EPSCO) an 8 Nollaig 2022 lena bhformheas.

**IARSCRÍBHINN**

**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle**

**maidir le daoine faoi mhíchumas a chuimsiú sa mhargadh saothair**

**AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á ADMHÁIL AICI**

1. Tá an tAontas Eorpach fothaithe ar luachanna dhínit an duine, na saoirse agus an mheasa ar chearta an duine agus tá sé tiomanta do chomhrac an idirdhealaithe, lena n-áirítear ar fhoras míchumais mar a leagtar amach sa Chonradh ar an Aontas Eorpach, sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha. Tá an tAontas tiomanta freisin d'ardleibhéal fostaíochta a chothú.

2. I gColún Eorpach na gCeart Sóisialta (EPSR), a d'fhógair Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún go comhpháirteach in 2017, dearbhaítear go bhfuil ag gach duine an ceart chun comhdheiseanna (prionsabal 3), chun tacaíocht ghníomhach don fhostaíocht (prionsabal 4), chun timpeallacht oibre shláintiúil shábháilte atá curtha in oiriúint i gceart don oibrí agus chun cosaint sonraí (prionsabal 10), agus chun rochtain ar sheirbhísí bunriachtanacha (prionsabal 20). Dearbhaítear freisin i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta go bhfuil an ceart ag daoine faoi mhíchumas ar thacaíocht ioncaim a chinntíonn gur féidir leo saol faoi dhínit a chaitheamh, ar sheirbhísí a chuireann ar a gcumas a bheith rannpháirteach sa mhargadh saothair agus sa tsochaí, agus ar thimpeallacht oibre atá curtha in oiriúint dá gcuid riachtanais (prionsabal 17). I bPlean Gníomhaíochta EPSR an 4 Márta 2021, leagtar amach trí phríomhsprioc nua den Aontas atá le baint amach faoi 2030, chun fostaíocht agus rannpháirtíocht san oiliúint a mhéadú agus chun líon na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta a laghdú. Chuir ceannairí an Aontais fáilte roimh na príomhspriocanna sin i nDearbhú Porto agus ag an gcruinniú den Chomhairle Eorpach i mí an Mheithimh 2021. Aithnítear freisin i bPlean Gníomhaíochta EPSR an méid a chuireann daoine faoi mhíchumas le spriocanna 2030 a bhaint amach, lena n-áirítear trí phríomhtháscaire nua a mholadh maidir leis an mbearna fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas sa Scórchlár Sóisialta.

3. Is páirtithe iad an tAontas agus a Bhallstát uile i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD). Tá formhór mór na mBallstát tar éis a Phrótacal Roghnach, a ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 13 Nollaig 2006, a dhaingniú freisin. In Airteagal 27 de UNCRPD cumhdaítear an ceart atá ag daoine faoi mhíchumas obair a dhéanamh ar bhonn comhionann le daoine eile i margadh saothair atá oscailte agus cuimsitheach[1].

4. Le Treoir 2000/78/CE, leagtar síos creat ginearálta chun an t-idirdhealú ar fhorais éagsúla, lena n-áirítear míchumas, a chomhrac, i ndáil le fostaíocht agus slí bheatha, d'fhonn prionsabal na córa comhionainne a chur i bhfeidhm sna Ballstáit. Is príomhbhearta iad rochtain chomhionann ar fhostaíocht a áirithiú, cóiríocht réasúnta a chur ar fáil ag an obair agus idirdhealú ar fhorais mhíchumais a chomhrac chun fostaíocht chuimsitheach agus inbhuanaithe a chothú do dhaoine faoi mhíchumas.

5. Ceanglaítear le Treoir 2019/882, an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht a glacadh in 2019, go mbeidh táirgí agus seirbhísí áirithe a chuirtear ar an margadh Eorpach inrochtana, rud a éascaíonn do dhaoine faoi mhíchumas maireachtáil go neamhspleách agus a cheadaíonn sochaí agus margadh saothair níos cuimsithí.

[1] Mínítear an léirmhíniú ar Airteagal 27 i mBarúil Ghinearálta Uimh. 8 maidir leis an gceart chun oibre agus fostaíochta, a d'fhoilsigh Coiste na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas an 9 Meán Fómhair 2022.

6. Gheall an Coimisiún Eorpach Aontas an Chomhionannais a chruthú, a rannchuidíonn an Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030, a ghlac an Coimisiún an 3 Márta 2021, go mór leis. Is é is aidhm don Straitéis feabhas a chur ar shaol daoine faoi mhíchumas san Aontas agus níos faide i gcéin, agus tacú le cur chun feidhme UNCRPD chomh maith le prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Tá sé d'aidhm ag an Straitéis freisin rochtain ar phoist ardcháilíochta agus inbhuanaithe a chothú agus léirítear inti gurb í rannpháirtíocht san fhostaíocht an bealach is fearr chun neamhspleáchas eacnamaíoch agus cuimsiú sóisialta a áirithiú. Iarrann sí ar na Ballstáit, *inter alia*, spriocanna a chur ar bun, faoi 2024, chun ráta fostaíochta daoine faoi mhíchumas a mhéadú agus bearnaí sa ráta fostaíochta idir daoine faoi mhíchumas agus daoine nach bhfuil faoi mhíchumas a laghdú chun cuidiú le príomhsprioc fostaíochta 2030 atá beartaithe i bPlean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a bhaint amach.

7. Sna conclúidí uaithi i mí an Mheithimh 2021, ba dhíol sásaimh don Chomhairle Straitéis an Choimisiúin maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030 agus d'fhormhuinigh sí í, agus d'iarr sí ar na Ballstáit, *inter alia*, leanúint dá straitéisí agus dá mbeartais náisiúnta a fhorbairt agus a nuashonrú chun UNCRPD a chur chun feidhme, i gcomhréir, de réir mar is iomchuí, leis an Straitéis.

8. Sa Phacáiste Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas, tionscnamh suaitheanta faoi chuimsiú na Straitéise maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030, tá sraith beart neamhreachtach (lena n-áirítear treoirlínte agus samplaí de ghníomhaíocht dhearfach), arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar thorthaí sa mhargadh saothair do dhaoine faoi mhíchumas. Cumhdaítear sé réimse gníomhaíochta leis: cumais na seirbhísí fostaíochta agus lánpháirtithe a neartú; peirspictíochtaí fruilithe a chur chun cinn trí ghníomhaíocht dhearfach agus steiréitíopaí a chomhrac; cóiríocht réasúnta ag an obair a áirithiú; daoine faoi mhíchumas a choinneáil i bhfostaíocht; míchumais a bhaineann le galair ainsealacha a chosc; scéimeanna athshlánúcháin gairme a dhaingniú i gcás breoiteachta nó timpistí, agus; poist ar ardchaighdeán san fhostaíocht dhídeanach agus bealaí chuig an margadh saothair oscailte a fhiosrú.

**AGUS AN MÉID A LEANAS Á CHUR I dTREIS AICI**

9. Tá bearna shuntasach idir ráta fostaíochta daoine faoi mhíchumas agus daoine nach bhfuil faoi mhíchumas (bearna 24.2 pointe céatadáin, 50.8 % i gcás daoine faoi mhíchumas vs. 75 % i gcás daoine nach bhfuil faoi mhíchumas[2]). Tá cúrsaí níos measa fós do mhná faoi mhíchumas; níl ach 48.3 % díobh sin fostaithe i gcomparáid le 53.9 % d'fhir faoi mhíchumas[3]. Is é 17.1 % an ráta dífhostaíochta i gcás daoine faoi mhíchumas san Aontas i gcomparáid le 10.2 % de dhaoine nach bhfuil faoi mhíchumas, agus níl an ráta gníomhaíochta de dhaoine faoi mhíchumas ach 61.0 % i gcomparáid le 82.3 % i gcás daoine nach bhfuil faoi mhíchumas. Bíonn níos mó deacrachtaí ag daoine faoi mhíchumas fostaíocht a aimsiú agus, dá bhrí sin, is dóchúla go mbeidh siad dífhostaithe go fadtéarmach nó neamhghníomhach go fadtéarmach. Nuair a fhostaítear iad, is minic a bhíonn daoine faoi mhíchumas ag obair i bhfostaíocht dhídeanach seachas sa mhargadh saothair oscailte[4], nó i bpoist le cáilíochtaí níos ísle, ar phá níos ísle (mar a léirítear leis an meánbhearna pá bliantúil 16 %) agus nach bhfuil chomh slán céanna le rochtain níos lú ar dheiseanna oiliúna, rud a fhágann go bhfuil siad i mbaol níos airde bochtaineachta lucht oibre. Ina theannta sin, rinne géarchéim COVID-19 difear díréireach do dhaoine faoi mhíchumas agus, i roinnt mhaith cásanna, chuir sí bac ar a rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, mar shampla mar gheall ar inrochtaineacht neamhleor ar réitigh teilea-oibre.

10. Tá sé ríthábhachtach daoine faoi mhíchumas a fhostú i bpoist ardcháilíochta chun margadh saothair atá dea-fheidhmiúil agus cuimsitheach a áirithiú. I gcomhthéacs an laghdaithe dhéimeagrafaigh atá ann faoi láthair chomh maith le ganntanas saothair agus scileanna, is bealach freisin chun ráta foriomlán fostaíochta níos airde a bhaint amach i gcomhréir leis an sprioc fostaíochta a leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta EPSR é leas a bhaint as daoine faoi mhíchumas. Tá sé sin ábhartha freisin i gcomhthéacs an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, lena gcuirtear deiseanna fostaíochta nua ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas.

---

2 Foinse sonraí: Eurostat. An Coimisiún Eorpach (2021): Sonraí Comparáideacha Eorpacha maidir le Eoraip 2020

3 Foinse sonraí: Innéacs Comhionannais Inscne 2021, an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (europa.eu)

4 An Coimisiún Eorpach agus an Grúpa Ardleibhéil um Míchumas (2016): An tOchtú Tuarascáil ón nGrúpa Ardleibhéil um Míchumas maidir le Cur Chun Feidhme Choinbhinsiúin na Náisiún Aontaithe ar chearta Daoine faoi Míchumas

11. Do dhaoine faoi mhíchumas, tá tábhacht ar leith ag baint le rannpháirtíocht sa mhargadh saothair agus le rochtain ar phoist ardcháilíochta mar fheithiclí le haghaidh cuimsiú sóisialta agus neamhspleáchas airgeadais. Mar sin féin, tá constaicí éagsúla fós roimh dhaoine faoi mhíchumas, go háirithe mná, ó thaobh rochtain a fháil ar an margadh saothair oscailte agus ó thaobh fostaíocht fhoirmiúil a choinneáil. Baineann na bacainní sin leis an éileamh (e.g. idirdhealú, stiogma, míthuiscintí maidir leis an gcostas a bhaineann le coigeartú san ionad oibre agus cóiríocht réasúnta a sholáthar, míthuiscintí maidir le táirgiúlacht, easpa faisnéise nó feasachta maidir leis an tacaíocht atá ar fáil) agus leis an soláthar araon (e.g. An leibhéal oideachais agus scileanna, an gá le tacaíocht phearsantaithe lena n-áirítear i gcuardach poist agus eagla roimh stiogmatú), chomh maith le tosca comhthéacsúla agus institiúideacha (cumasachas, bacainní rochtana ar bhonn comhionann le daoine eile, lena n-áirítear ar sheirbhísí riachtanacha amhail iompar, chomh maith leis an timpeallacht thógtha agus an timpeallacht dhigiteach agus neamhábaltacht oibrithe faoi mhíchumas rochtain ar liúntas míchumais a choinneáil nuair a bhíonn siad fostaithe).

12. Is grúpa an-éagsúil agus ilchineálach iad daoine faoi mhíchumas. Uaireanta bíonn orthu aghaidh a thabhairt ar chineálacha éagsúla idirdhealaithe agus bíonn riachtanais chasta ag roinnt acu, rud a éilíonn cur chuige pearsantaithe agus tacaíocht arna cur in oiriúint do chásanna aonair sonracha. Chun poist oiriúnacha a mheaitseáil le daoine, is gá measúnú a dhéanamh ar riachtanais gach duine aonair, lena n-áirítear maidir lena míchumas, an tacaíocht a bheadh ag teastáil uathu san ionad oibre, a n-ionchais forbartha gairme, chomh maith lena riachtanais tacaíochta sóisialta. Sa chomhthéacs sin, ba cheart aird a thabhairt freisin ar dhaoine atá i staid leochaileach, agus gné an chomhionannais inscne agus an ghné thrasnach á gcur san áireamh. Is tosca tábhachtacha iad oideachas cuimsitheach agus seirbhísí sóisialta leordhóthanacha, seirbhísí fostaíochta éifeachtacha, lena n-áirítear gníomhaíocht dhearfach, cóiríocht réasúnta san ionad oibre, athshlánú gairme agus fostaíocht dhídeanach, a bhfuil ról acu chun a áirithiú gur féidir le daoine faoi mhíchumas rochtain a fháil ar an margadh saothair oscailte agus páirt a ghlacadh ann.

13. Ba cheart seirbhísí sóisialta a úsáid mar uirlis le haghaidh cuimsiú gníomhach, ós rud é gur réamhchoinníoll bunúsach é rochtain leordhóthanach ar sheirbhísí sóisialta ardcháilíochta atá cuimsitheach agus inrochtana chun cur ar chumas daoine faoi mhíchumas a bheith rannpháirteach go gníomhach sa mhargadh saothair. Ba cheart soláthar pearsantaithe seirbhísí cuimsithe shóisialta, amhail comhairleoireacht, meantóireacht, obair shóisialta chomh maith le tacaíocht, a thairiscint do dhaoine faoi mhíchumas chun a staid shóisialta dhíobhálach a shárú, a n-infhostaitheacht a fheabhsú agus fostaíocht a aimsiú. Ina theannta sin, ba cheart bearta agus seirbhísí tacaíochta aonair, amhail cúnamh pearsanta, seirbhísí iompair agus ateangaireachta, a bheith ar fáil nuair is gá chun rochtain chomhionann ar fhostaíocht a áirithiú. Ba cheart do sheirbhísí fostaíochta tacaíocht a chur ar fáil amhail treoraíocht agus comhairleoireacht, idirghabháil post, eirgidhiagnóisíocht, athoiliúint agus gairmthreoir, chomh maith le comhar le fostóirí agus scoileanna, go háirithe fostóirí agus scoileanna áitiúla a chuireann oideachas ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas. Is gá tacú go córasach le seirbhísí sóisialta agus lánpháirtíochta a fhorbairt ionas go mbeidh acmhainneacht agus cistiú leordhóthanach acu.

14. Chun torthaí daoine faoi mhíchumas sa mhargadh saothair a fheabhsú, is gá sineirgí agus comhar a chur chun cinn idir na seirbhísí, na soláthraithe agus na gníomhaithe ábhartha uile, lena n-áirítear seirbhísí sláinte agus athshlánúcháin, seirbhísí sóisialta, seirbhísí fostaíochta, fostóirí, na comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí neamhrialtasacha, eagraíochtaí daoine faoi mhíchumas, eagraíochtaí othar, scoileanna agus bardais. Tá tábhacht ar leith ag baint le rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil freisin.

15. Comhlánaíonn an geilleagar sóisialta gníomhaíocht na mBallstát ó thaobh seirbhísí sóisialta ar ardchaighdeán a chur ar fáil, agus mar sin tá ról ríthábhachtach aige maidir le rannpháirtíocht shóisialta daoine faoi mhíchumas agus a rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a éascú. Féadfaidh fiontair shóisialta, go háirithe, saoránacht ghníomhach a chur chun cinn agus is sampla den scoth iad de 'geilleagar a fhóireann do dhaoine'. Cuireann siad deiseanna uas-scilithe ar fáil, rud a thacaíonn le daoine faoi mhíchumas ullmhú don mhargadh saothair oscailte agus páirt a ghlacadh ann. Chun rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas i margadh an tsaothair a chur chun cinn, tá sé tábhachtach fiontair shóisialta a chothú agus leas iomlán a bhaint as a n-acmhainneacht chun gníomhú mar dhroichid ó fhostaíocht dhídeanach ar ardchaighdeán go dtí an margadh saothair oscailte.

16. Ba cheart rochtain ar an margadh saothair oscailte do dhaoine faoi mhíchumas a chur chun cinn trí uirlisí éagsúla, amhail ranníocaíochtaí airgeadais d’fhostóirí, liúntais chánach, dreasachtaí fruilithe agus cuótaí. Tá córas cuótaí curtha ar bun ag go leor Ballstát lena gcuirtear d’oibleagáid ar fhostóirí íoschion de dhaoine faoi mhíchumas a fhruiliú nó costas airgeadaíochta a thabhú, e.g. i bhfoirm pionóis. Is é an dúshlán atá ann chun éifeachtacht an chórais cuótaí a áirithiú ná cothromaíocht a aimsiú idir fostóirí a spreagadh chun na costais bhreise a sheasamh a d’fhéadfadh a bheith ag baint le daoine faoi mhíchumas a fhostú agus an costas airgeadaíochta mura bhaintear amach an cuóta. Ba cheart fruiliú a chur chun cinn freisin trí steiréitíopaí agus míthuiscintí a chomhrac, amhail na steiréitíopaí agus na míthuiscintí sin a bhaineann le costais riaracháin, neamhláithreachtaí agus feidhmíocht theoranta, chomh maith le faisnéis a thabhairt d’fhostóirí maidir leis an tacaíocht atá ar fáil, trí chomhroinnt dea-chleachtas a chur chun cinn, trí dhámhachtainí éagsúlachta, *etc*. Ba cheart do chórais chuimsitheacha na slándála sóisialta tacú leis an aistriú ó neamhghníomhaíocht eacnamaíoch chuig an bhfostaíocht agus níor cheart go dtiocfadh laghdú ar shochair mhíchumais as a gcúitítear na costais bhreise mhaireachtála a bhaineann le míchumas.

17. Tá cleachtais amhail oiriúnú ionad oibre agus eagrú ama oibre, e.g. trí obair pháirtaimseartha, thar a bheith éifeachtach chun daoine faoi mhíchumas a chuimsiú sa mhargadh saothair oscailte. Le linn phaindéim COVID-19, tá méadú tagtha ar an úsáid a bhaintear as cineálacha solúbtha oibre, go háirithe an teilea-obair. Ba cheart na cleachtais sin, agus go ginearálta úsáid réiteach agus uirlisí TF atá inrochtana agus cuimsitheach, a chur chun cinn mar bhealach chun acmhainneacht daoine faoi mhíchumas a scaoileadh agus chun rannchuidiú le dálaí oibre a chruthú atá níos fabhraí do rannpháirtíocht chomhionann daoine faoi mhíchumas. Ba cheart tacú le fostóirí, go háirithe gnólachtaí beaga agus meánmhéide, nuair is gá, agus iad ag iarraidh feabhas a chur ar a gcleachtais agus a n-eagraíocht oibre. Tá sé ríthábhachtach go bhfaighidh fostóirí tacaíocht, lena n-áirítear tacaíocht airgeadais, chun cóiríocht réasúnta a chur ar fáil san ionad oibre, agus sa bhaile i gcás teilea-oibre, agus chun trealamh riachtanach a fháil, amhail uirlisí cumarsáide inrochtana agus cuimsitheacha, réitigh theicneolaíocha agus bogearraí. Ba cheart coinníollacha iomchuí sláinte agus sábháilteachta a áirithiú freisin.

18. Tá sé tábhachtach go mbeadh rochtain ag daoine faoi mhíchumas ar sheirbhísí athshlánúcháin cuimsitheacha a thacaíonn lena rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, a chabhraíonn le fadhbanna síceolaíocha agus eisiamh sóisialta a chosc, a thacaíonn leis an ngairmoideachas agus leis an ngairmoiliúint agus a chothaíonn forbairt scileanna, lena n-áirítear scileanna TF. Chun soláthar éifeachtúil tráthúil na seirbhísí sin a áirithiú, is gá naisc agus sineirgí a chur chun cinn idir seirbhísí fostaíochta, sláinte, sóisialta agus athshlánúcháin oibre, lena n-áirítear trí bhainistiú cásanna aonair a thabhairt isteach. D'fhéadfaí torthaí an athshlánaithe chuimsithigh, as a dtiocfaidh feabhas ar chumas oibre d'fhonn fostaíocht ar ardchaighdeán a fháil, a chur san áireamh sula ndéanfar cinntí maidir le pinsean míchumais/easláine a dheonú.

19. Féachann an Rialachán maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) le cuimsiú daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn ar bhonn comhionann le daoine eile agus tacaíonn sé le hiarrachtaí na mBallstát UNCRPD a chur chun feidhme. Ina theannta sin, is é is aidhm do CSE+ an fhostaíocht a chur chun cinn trí idirghabhálacha gníomhacha a dhéanamh lena gcumasófar cuimsiú sa mhargadh saothair, go háirithe do dhaoine óga, do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste agus do dhaoine neamhghníomhacha, agus tríd an bhféinfhostaíocht agus an geilleagar sóisialta a chur chun cinn. Ba cheart do CSE+ rannchuidiú freisin le hinrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas a áirithiú d'fhonn cuimsiú san fhostaíocht, san oideachas agus san oiliúint a fheabhsú agus, ar an gcaoi sin, cuimsiú na ndaoine sin i ngach réimse den saol a fheabhsú.

20. Ag an gComhdháil maidir le Lánpháirtiú Daoine faoi Mhíchumas sa Mhargadh Saothair, a thionóil Uachtaránacht na Seicia i bPrág an 20 agus an 21 Meán Fómhair 2022, inar sheol an Coimisiún an Pacáiste Eorpach Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas, deimhníodh ábharthacht na sé phríomhréimse den Phacáiste. Leag rannpháirtithe béim ar a thábhachtaí atá sé líon na ndaoine faoi mhíchumas sa mhargadh saothair a mhéadú. Chuir siad i bhfios go láidir freisin, *inter alia*, an gá atá le deiseanna gairmoiliúna a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas, agus tábhacht á cur ar scileanna TF, lena n-áirítear úsáid teicneolaíochtaí digiteacha. I bhfianaise an phlé a rinneadh ag an gcomhdháil, is léir gur cheart éagsúlacht na riachtanas atá ag daoine faoi mhíchumas a aithint agus gur cheart aghaidh a thabhairt ar an spreagadh atá acu. Tá na bearta a leagtar amach sa Phacáiste dírithe ar fhostóirí thar aon ní eile. Dá bhrí sin, deimhníodh ag an gcomhdháil a thábhachtaí atá sé tacú le fostóirí sa mhargadh oscailte agus iad ag iarraidh daoine faoi mhíchumas a earcú agus a choinneáil. Ag an am céanna, ní mór ról na bhfostóirí sa mhargadh saothair dídeanach chomh maith le ról na bhfiontar sóisialta ó thaobh tacaíocht a thabhairt don chuimsiú forchéimnitheach agus don aistriú chuig an margadh saothair oscailte a aithint agus a chur chun cinn.

21. Cuireann an tacar seo Conclúidí leis an obair a rinneadh cheana agus leis na gealltanais pholaitiúla a thug Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, an Coimisiún agus geallsealbhóirí ábhartha sa réimse seo, lena n-áirítear sna doiciméid a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo.

**IARRANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AR NA BALLSTÁIT, I gCOMHRÉIR LEIS NA hINNIÚLACHTAÍ NÁISIÚNTA, AGUS CÚINSÍ NÁISIÚNTA Á gCUR SAN ÁIREAMH, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

22. Treoirlínte agus gníomhaíochtaí ábhartha a áirítear sa Phacáiste Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas a chur chun feidhme, arna gcur chun cinn ag an gCoimisiún i gcomhar leis an Ardán Míchumais agus leis na comhpháirtithe sóisialta, agus tacú, i gcás inarb ábhartha, le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Sóisialta, a tíolacadh an 9 Nollaig 2021.

23. Modhanna bainistithe cásanna a fhorbairt chun tacú le daoine faoi mhíchumas ar chonair an mhargaidh saothair oscailte, lena n-áirítear dlúthchomhar idir seirbhísí fostaíochta, eagraíochtaí daoine faoi mhíchumas, seirbhísí sláinte, institiúidí slándála sóisialta, seirbhísí sóisialta agus seirbhísí athshlánúcháin gairme.

24. Tacú le bearta chun a áirithiú go gcoiscfear rioscaí do dhaoine faoi mhíchumas san ionad oibre, go háirithe i réimse na sláinte agus na sábháilteachta agus aon chineál idirdhealaithe nó mí-úsáide.

25. Leas a bhaint as acmhainneacht fiontar sóisialta a bhfuil saineolas acu maidir le cineálacha cur chuige sóisialta agus fiontraíochta a lánpháirtiú agus a chomhcheangal, chun tacú le cuimsiú daoine faoi mhíchumas sa mhargadh saothair.

26. Líonraí comhair réigiúnacha a chruthú agus a neartú lena mbeidh baint ag na geallsealbhóirí agus na gníomhaithe uile a bhfuil ról acu i bhfostaíocht daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn.

27. Córais agus dreasachtaí éifeachtúla éifeachtacha a fhorbairt chun fostóirí ar an margadh saothair oscailte a spreagadh chun daoine faoi mhíchumas a fhostú agus, ar an gcaoi sin, an bhearna phá idir daoine faoi mhíchumas agus daoine nach bhfuil faoi mhíchumas a laghdú, agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta á urramú ag an am céanna.

28. Fostaíocht daoine faoi mhíchumas laistigh den earnáil phoiblí a chur chun cinn agus tacú leo, lena n-áirítear trí ionaid oibre inrochtana chuimsitheacha a áirithiú.

29. Tacú le gairmoideachas agus gairmoiliúint daoine faoi mhíchumas, agus dul chun cinn teicneolaíoch ó thaobh a scileanna TF a fhorbairt á chur san áireamh.

30. Forbairt scileanna inrochtaineachta ag gairmithe digiteacha a chothú chun go mbeidh táirgí agus seirbhísí digiteacha inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas, rud a fhágfaidh go mbeidh ionaid oibre níos cuimsithí ann.

31. Féachaint ar (ath)m(h)easúnú a dhéanamh go rialta ar thorthaí athshlánú cuimsitheach daoine faoi mhíchumas ó thaobh a n-acmhainneachta oibre sula bhféadfaí pinsin mhíchumais/easláine a dheonú, lena n-áirítear dóibh siúd atá ag obair.

32. Aistrithe daoine faoi mhíchumas ó athshlánú sóisialta agus gairme chuig an margadh saothair a éascú, lena n-áirítear trí chóras a bhunú a fhreagróidh do riachtanais aonair maidir le rannpháirtíocht sa mhargadh saothair agus athshlánú oibre.

33. Úsáid na n-uirlisí uile atá ar fáil a chur chun cinn, go háirithe gairmthreoir, measúnú ar acmhainneacht oibre agus oiliúint maidir le cóiríocht réasúnta, chun riachtanais nithiúla daoine faoi mhíchumas a shainaithint d'fhonn a bhfostaíocht sa mhargadh saothair oscailte a éascú.

34. A ndícheall a dhéanamh chun a áirithiú go rannchuideoidh beartais cosanta sóisialta go héifeachtach le fostaíocht daoine faoi mhíchumas a éascú, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, trí chúiteamh as an gcostas breise a bhaineann le míchumas fiú dóibh siúd atá fostaithe, agus caighdeán maireachtála cuibhiúil agus an tacaíocht uile is gá á gcur ar fáil ag an am céanna dóibh siúd atá agus a fhanfaidh lasmuigh den mhargadh saothair.

35. Úsáid a bhaint as na hionstraimí cistiúcháin den Aontas atá ar fáil, go háirithe CSE+, chun tacú le cuimsiú daoine faoi mhíchumas sa mhargadh saothair, e.g. trí inrochtaineacht agus cuimsitheacht seirbhísí fostaíochta agus gairmthreorach a fheabhsú agus bealaí lánpháirtithe a chur chun cinn chun daoine faoi mhíchumas a chuimsiú sa mhargadh saothair.

36. Beartais a mheas i ngach réimse a chumhdaítear leis an Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030 chun tacú le cur chun feidhme na n-iarrataí ar na Ballstáit a áirítear inti. Baineann na hiarrataí sin leis an méid seo a leanas:

- spriocanna a chur ar bun, faoi 2024, chun ráta fostaíochta daoine faoi mhíchumas a mhéadú agus bearnaí sa ráta fostaíochta idir daoine faoi mhíchumas agus daoine nach bhfuil faoi mhíchumas a laghdú chun cuidiú le príomhsprioc fostaíochta 2030 atá beartaithe i bPlean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a bhaint amach;

- acmhainneachtaí na seirbhísí fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas a neartú agus feabhas a chur ar an obair le comhpháirtithe sóisialta agus le heagraíochtaí daoine faoi mhíchumas chun na críche sin;

- féinfhostaíocht agus fiontraíocht a éascú, lena n-áirítear do dhaoine faoi mhíchumas intleachta agus síceasóisialta, trí thacaíocht a chur ar fáil maidir le cúrsaí dlí agus gnó, *inter alia* trí chistí an Aontais a úsáid.

- spriocanna a leagan síos maidir le rannpháirtíocht daoine fásta faoi mhíchumas san fhoghlaim d'fhonn a rannpháirtíocht a mhéadú agus a áirithiú go gcumhdófar riachtanais shonracha daoine faoi mhíchumas le straitéisí náisiúnta scileanna, chun cuidiú leis an sprioc a leagtar síos sa Chlár Oibre do Scileanna agus i bPlean Gníomhaíochta EPSR a bhaint amach.

37. Cuidiú chun spriocanna insoláthartha an Phacáiste Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas a chur chun feidhme agus a scaipeadh, i gcás inarb ábhartha, ar an leibhéal náisiúnta agus i measc na ngníomhaithe ábhartha uile chun éifeacht an tionscnaimh sin a uasmhéadú.

**IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

38. Leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar staid na ndaoine faoi mhíchumas i réimsí na fostaíochta, an oideachais agus na hoiliúna, na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh freisin. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar mhná faoi mhíchumas agus, a mhéid is féidir, ar dhaoine a bhfuil níos mó ná cineál amháin idirdhealaithe ag cur isteach orthu.

39. Tacú agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na dtionscnamh a leagtar amach sa Phacáiste Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas.

40. Tacú le cur chun feidhme na mbeart ábhartha a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Sóisialta a thagann faoina shainchúram agus faireachán a dhéanamh ar an gcur chun feidhme sin.

41. Tacú le foghlaim fhrithpháirteach agus malartú dea-chleachtais agus iad sin a éascú sa réimse maidir le daoine faoi mhíchumas a chuimsiú sa mhargadh saothair.

42. Trí chláir atá ann cheana, tacú le hoideachas agus oiliúint a chur ar dhaoine faoi mhíchumas, go háirithe i réimse na digiteála.

43. Cuidiú le huirlisí praiticiúla agus treoirlínte an Phacáiste Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas a scaipeadh.

44. Leanúint de thacaíocht a thabhairt d'obair an Ardáin Míchumais chun cur chun feidhme na Straitéise maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas a éascú agus chun malartuithe idir na geallsealbhóirí uile ar an leibhéal Eorpach a chur chun cinn.

**IARRANN SÍ AR AN gCOISTE FOSTAÍOCHTA AGUS AR AN gCOISTE UM CHOSAINT SHÓISIALTA AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

45. Leanúint den réimse maidir le daoine faoi mhíchumas a chuimsiú a chur san áireamh agus faireachán á dhéanamh ar fhostaíocht agus ar fhorbairt shóisialta san Aontas, i gcomhar leis an gCoimisiún.

---

**Tagairtí**

1. Leibhéal idirinstitiúideach an Aontais

*European Pillar of Social Rights* [Colún Eorpach na gCeart Sóisialta] https://ec.europa.eu/commission/sites/beta-political/files/social-summit-european-pillar-social-rights-booklet_en.pdf

*European Inclusion Summit 2020: Declaration by the EU Member States' Representatives of the interests of persons with disabilities* [Cruinniú Mullaigh Eorpach um Chuimsiú 2020: Dearbhú ó Ionadaithe Bhallstáit an Aontais Eorpaigh maidir le leasanna daoine faoi mhíchumas].

*The European Pillar of Social Rights Action Plan* [Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta] (6649/21 + ADD 1 + ADD 2)

*Building an economy that works for people: an action plan for the social economy* [Geilleagar a thógáil a fhóireann do dhaoine: plean gníomhaíochta don gheilleagar sóisialta (14890/21 + ADD 1)]

2. Reachtaíocht an Aontais Eorpaigh

Treoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha (IO L 303, 2.12.2000, lgh. 16-22)

Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 i ndáil leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí. (IO L 151, 7.6.2019, lgh. 70-115)

Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. (IO L 57, 18.2.2021, lgh. 17-75.)

3. Comhairle an Aontais Eorpaigh

Cinneadh ón gComhairle an 26 Samhain 2009 maidir leis an gComhphobal Eorpach do thabhairt i gcrích Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchuma

Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Straitéis um Chearta Daoine faoi mhíchumas 2021-2030 (9749/1/21 REV 1)

Conclúidí ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm na Cairte um Chearta Bunúsacha a neartú (6795/21)

Conclúidí ón gComhairle maidir le fostaíocht a fheabhsú do dhaoine atá i staid leochaileach sa mhargadh saothair; (14646/19)

Conclúidí ón gComhairle maidir le Rochtain ar an spórt do dhaoine faoi mhíchumas.
(IO C 192, 7.6.2019, lgh. 18-22 )

Conclúidí ón gComhairle maidir le Geilleagar na Dea-Bhaile (13432/19)

Conclúidí ón gComhairle maidir le tacú leis an Straitéis Eorpach um Míchumas 2010-2020 a chur chun feidhme (11843/11)

4. An Coimisiún Eorpach

Teachtaireacht (COM (2010) 636 final) ón gCoimisiún:
*European Disability Strategy 2010-2020* [An Straitéis Eorpach um Míchumas 2010-2020].

Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin (SWD (2020) 291 final):
*Evaluation of the European Disability Strategy 2010-2020* [Meastóireacht ar Straitéis Eorpach um Míchumas 2010-2020].

Teachtaireacht ón gCoimisiún (COM (2021) 101 final): Union of Equality:
*Strategy for the Rights of Persons with Disabilities 2021-2030* [Aontas an Chomhionannais: Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi mhíchumas 2021-2030].

Teachtaireacht ón gCoimisiún: *Building an economy that works for people: an action plan for the social economy* [Geilleagar a thógáil a fhóireann do dhaoine: plean gníomhaíochta don gheilleagar sóisialta (2021)]

*The European Pillar of Social Rights Action Plan* [Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta] (6649/21 + ADD 1 + ADD 2)

5. Parlaimint na hEorpa

Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an gcóireáil chomhionann san fhostaíocht agus sa tslí bheatha i bhfianaise UNCRPD

6. Na Náisiúin Aontaithe

Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, Coinbhinsiún ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas: rún / a ghlac an Chomhthionól Ginearálta, an 24 Eanáir 2007, A/RES/61/106, ar fáil ag: https://www.refworld.org/docid/45f973632.html